

Dlíthe Tomhaltóirí | Nótaí H1

Is comhaontú atá ina cheangal de réir dlí é Conradh, ar féidir é a chur i bhfeidhm de réir dlí.

Cúirt na nÉileamh Beag

Bíonn siad ag déileáil le héilimh suas go €2000. Is féidir an chúirt seo a úsáid má chreideann tú nár éist gnó le do ghearán mar is ceart. Ní theastaíonn aturnae ná cúnamh dlí uait. Gearrfaidh siad táille €15 ort. Is féidir leat iarratas a dhéanamh ar an gcúirt seo in oifigí áitiúla nó tríd an suíomh gréasáin atá acu.

An tAcht um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí 1980

Earraí

Caithfidh earraí a bheith ar cháilíocht indíoltachta, oiriúnach don fheidhm, mar a thuairiscítear agus caithfidh earraí meaitseáil a dhéanamh leis na samplaí a tugadh.

Seirbhísí

Caithfear seirbhísí a dhéanamh go cúramach, ba cheart go mbeadh na scileanna riachtanacha ag an duine a sholáthraíonn an tseirbhís agus caithfidh na hearraí a úsáidtear a bheith ar cháilíocht indíoltachta.

Cúiteamh

Má tá tú den tuairim nár chomhlíon earra/seirbhís na rialacháin thuas, is féidir deisiú, earra ionaid nó aisíocaíocht a fháil.

Leagann an tAcht um Chosaint Tomhaltóirí 2007

rialacha amach maidir leis na nithe seo a leanas:

- Maíomh a dhéantar faoi earraí / faoi sheirbhísí: deirtear go gcaithfidh fógraí a bheith cruinn. Tá éilimh a chuirfeadh duine amú mídhleathach.
- Maíomh faoi phraghsanna - caithfear é a rá le tomhaltóirí má tá praghsanna speisialta ar fáil i siopaí áirithe amháin.
- Cleachtais atá coiscthe - tá sé mídhleathach promóisean a chur ar siúl mura bhfuil fáil ar na duaiseanna agus níl cead ag gnólachtaí duaiseanna 'saor in aisce' a thairiscint más gá don tomhaltóir íoc as an duais.
- Cleachtais ionsaitheacha - tá sé mídhleathach bagairt a dhéanamh ar dhuine agus earra á dhíol agat, agus ní cheadaítear caint mhaslach.
- Cóid chleachtais - caithfidh an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (ar a dtugtaí an NCA roimhe seo) glacadh leo.

An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí

Bhunaigh an tAcht um Chosaint Tomhaltóirí an CCPC. Tá sé de chumhacht acu:

1. Iarratas a dhéanamh ar orduithe toirmisc chun rudaí mídhleathacha a stopadh.
2. Fíneálacha a thabhairt do ghnólachtaí.
3. Liosta de ghnólachtaí, a ciontaíodh i gcionta coiriúla, a fhoilsiú.
4. Fógraí comhlíonta a thabhairt.

Feidhmeanna an CCPC:

- Tomhaltóirí a chur ar an eolas tríd an suíomh gréasáin agus trí chártaí cearta tomhaltóirí.

- Dlíthe tomhaltóirí a chur i bhfeidhm.
- Reachtaíocht a mholadh.
- Imscrúdú a dhéanamh ar mhaíomh a dhéantar in éadan gnólachtaí.
- Torthaí a fhoilsiú.